# REIFREANN

**An Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach), 2023**

**agus**

**An Bille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram), 2023**

**Dé hAoine an 8 Márta 2024**

## Vótálaithe a bhfuil Tinneas Fisiciúil nó Míchumas Fisiciúil orthu

Féadfaidh vótálaithe a bhfuil tinneas fisiciúil nó míchumas fisiciúil orthu, nach bhfuil a n-ainm ar an liosta vótála poist nó speisialta, agus a bhféadfadh deacracht a bheith acu rochtain a fháil ar a stáisiún vótála áitiúil iarratas a dhéanamh chun a vóta a aistriú chuig stáisiún vótála níos inrochtana ina dtoghcheantar. Tá an áis seo ann chun cabhrú le vótálaithe a mbíonn deacracht acu rochtain a fháil ar a stáisiún vótála áitiúil.
.

Chun leas a bhaint as an áis, ba cheart do vótálaithe iarratas a dhéanamh chuig an gceann comhairimh dá dtoghcheantar faoin **Aoine an 1 Márta 2024** ar a dhéanaí.

Níl foirm iarratais speisialta ag teastáil. Más féidir, ba chóir do vótálaithe stáisiún vótála eile a mholadh sa toghcheantar a bheidh oiriúnach agus áisiúil dóibh araon.

Is féidir sonraí teagmhála an cheann comhairimh do gach toghcheantar a fháil ag www.referendum.ie.